CONCHÚR Ó DIOMASAIGH

## Seirbhís atá sa Mhargaíocht

Tá tionchar ag na margaí a dhéanamar ar chaighdeán beatha na mac léinn. Forbróidh mé comhpháirtíochtaí, mar atá againn anois le Merrion Square Dental, a íslíonn costais bhunriachtanais ar nós cúram sláinte. Is féidir linn cothromaíocht a bhaint amach idir bhuntáistí do mhic léinn agus inacmhainneacht na mbunriachtanas.

## Mol do Mhargaí Mac Léinn

Tá Baile Átha Cliath níos inacmhainne le margaí an Aontais, ach ní minic a bhíonn siad so-aimsithe. Cruthóidh mé mol láraithe dár margaí mac léinn, ionas go mbeidh mic léinn ábalta tagairt a dhéanamh dó agus a sceidil á phleanáil acu (seachas a bheith ag brath ar an ríomhphost seachtainiúil). Ní hé seo an chéad uair a gealladh seo, ach ní dhéanfaidh mé róchasta é—beidh cuid den suíomh gréasáin maith go leor.

## I Láthair do Chách

Tarraingíonn mic léinn siar ón Aontas nuair atá sé i bhfad go fisiciúil agus go sóisialta. Leis seo a réiteach, oibreoidh mé lá sa tseachtain as na hionaid mac léinn sa Hamilton agus in Ospidéal San Séamas. Freagróidh mé chuile ríomhphost agus teachtaireacht a sheoltar go cuntais an Aontais chomh maith. Níl aon mhaitheas lé caint faoin rannpháirtíocht muna fágaimid Teach 6 riamh.

## Ag Ísliú Baic

Ardaíonn nó íslíonn chuile ríomhphost, chuile ghrafaic agus chuile bhileoigín a chuirimid amach an bac iontrála atá ann do mhic léinn. Bunóidh mé caighdeáin rochtana ceangailteach do chumarsáidí an Aontais agus cinnteoidh mé go dtabharfar alt-théacs ar chuile phostáil ar na meáin shóisialta agus go dtabharfar mion- chur síos ar comhréitigh i gcur síos na n-imeachtaí.

## Cumarsáid Níos Fearr ón gColáiste

Tá drochainm ag an gcoláiste mar gheall ar a ndrochchumarsáid, ach go háirithe iad sin a bhaineann leis na cúrsaí Comhchéim Onóracha agus le hErasmus. Ní féidir linn glacadh leis seo agus fágtar mac léinn gan chabhair. Scríobhfaidh mé treoracha buana d’fhadhbanna mar seo agus d’fhadhbanna athfhillteacha eile, agus mé ag déanamh

stocaireacht ar an gcoláiste gan stad ná staonadh agus á gcoinneáil freagrach go poiblí nuair a fhágtar mic léinn gan eolas.

**Ag Pléascadh an Bolgán**

Níl tromlach na mac léinn ar an eolas faoi na seirbhísí a chuireann Aontas na Mac Léinn ar fáil (an raibh a fhios agat go bhfuil seirbhís deisithe IT ar fáil?) nó creideann siad nach féidir aon rud a bhaint amach trí dhul i dteagmháil. Tá an difríocht a dhéanann an tAontas do mhic léinn feicthe agam, agus cinnteoidh mé go bhfuil siad ar an eolas go bhfuil fíorchabhair ar fáil, fiú muna bhfuil siad sa bholgán.

**Ar Ais Le Chéile**

Caithfidh ár gcumarsáid dul níos faide ná na meáin shóisialta. Cé go gcabhraíonn spásanna digiteacha linn dul i dteagmháil le mic léinn, beidh éifeacht níos mó ag láithreacht fhisiceach agus caidreamh fisiceach i gcónaí. Nuair a líonaimid cláracha fógraí, tugaimid cuairt ar léachtaí agus eagraímid seastáin, mothaítear go bhfuil an tAontas fíor, agus roinntear eolas le các, ní amháin lucht leanúna @TCDSU.

**Comhionannas don Ghaeilge**

Ní féidir go mbeidh cur chuige an Aontais maidir leis an nGaeilge siombalach amháin. Cinnteoidh mé go seolfar chuile chumarsáid go dátheangach, nach mbeidh ar mhic léinn Béarla a léamh le teacht ar Ghaeilge agus go n-úsáidfear ár n-árdán leis an Ghaeilge a normálú i ngach áit. Chomh maith leis sin, cuirfidh mé acmhainní le logainmneacha Gaelacha ar fud an champais a fhoghlaim chun cinn, ionas go laghdaítear galldú na n-ainmneacha seo.

**Trédhearcacht Margaíochta Iomlán**

Tá tábhacht ag baint leis na margaí a dhéanaimid le brandaí: Chuir AMLCT iachall ar Domino’s gníomhacha a bhfochomhlacht Iosraelach a shiúil ar ais. Geallaim go bhfoilseoidh mé liosta, ar a ndéanfar uasdátú go minic, dár gcomhpháirtithe, na cineálacha comhaontaithe atá againn leo agus na hoibleagáidí conartha atá againn le cinntiú go bhfuil mic léinn ar an eolas faoin áit as a dtagann ár n-airgead agus faoi na gníomhartha atá ar fáil dúinn.

**Seiceáil ar ais ar Fheachtais**

Ní bhíonn a fhios ag mic léinn cad atá á dhéanamh ag an Aontas taobh amuigh de na léirsithe poiblithe. Cinnteoidh mé go seiceálfaimid ar ais ar ár bhfeachtais trí eolas soiléir a thabhairt do mhic léinn faoi spriocanna na bhfeachtas agus na héachtaí a bhaintear amach a aithint trí na meáin chlóite agus digiteacha. Cinnteoidh mé go mbaileoimid fianaise dó seo freisin, mar shampla trí phictiúir do léachtlanna plódaithe a roinnt.

**Reáchtáil Eolaithe Toghchán**

Is iad na hIonadaithe Ranga príomh-urlabhraithe na mac léinn, ach níl a dtoghchán inrochtana. Níl aon fíorbhealach feachtasaíochta, mar shampla, agus cuireann roinnt scoileanna iachall ar mhic léinn ionadaithe a thoghadh gan maoirseacht ná cabhair. Cinnteoidh mé go dtugtar bealach feachtasaíochta d’iarrthóirí, go dtugtar eolas cuí do mhic léin faoina dtoghlaigh agus go gcuirimid i gcoinne iarrachtaí na ndámh le toghcháin gan taca a reáchtáil.

**Nuachóiriú ar an Suíomh Gréasáin**

Tá géarghá athchóirithe ag suíomh gréasáin an Aontais. Cinnteoidh mé go mbeidh an suíomh in ann a fheidhm a chomhlíonadh trí é a dhearadh de réir an ghá atá ag mic léinn dó (seirbhísí, stocaireacht, eolas teagmhála agus eolas eile). Cuirfidh mé cartlann leis an suíomh chomh maith agus oibreoidh mé le hOifigeach na Gaeilge le leagan iomlán Gaeilge den suíomh a chuir isteach.

**Seachtain na bhFreisear a Fheabhsú**

Is í Seachtain na bhFreisear an deis is fear le tabhairt ar mhic léinn glacadh le gníomhachas mac léinn. Cinnteoidh mé go roinnfimid stair stocaireachta AMLCT le taispeáint gur féidir éirí le gníomhachas an Aontais. Cinnteoidh mé freisin go dtugaimid bealaí praiticiúla do mhic léinn a bheith páirteach san Aontas, taobh amuigh dá mhaorlathas.

<u>CONCHÚR Ó DIOMASAIGH</u>

Haigh, is mise Connor Dempsey, is mac léinn polaitíochta agus socheolaíochta i mo bhliain dheireanach mé, agus táim ag seasamh le bheith inár gcéad Oifigeach Cumarsáide agus Margaíochta eile.

Tá iarrthóirí ag caint faoi fhadhbanna rannpháirtíochta an Aontas le blianta fada anuas. An difríocht liomsa ná go bhfuil rud éigin déanta agam faoi. An bhliain seo chaite, chuir mé brú ar Chomhairle an Aontais post an Oifigigh Rannpháirtíochta a chruthú, toghadh chun an phoist mé, agus tá mo chuid ama caite agam ó shin ag déanamh iniúchadh ar na fadhbanna atá ag an Aontas agus ag moladh réitigh fiúntacha.

Tá cás simplí agam. Tá a fhios ag gach duine go bhfuil fadhbanna againn, ach tá mo chuid ama sa choláiste caite agam ag lorg na cúiseanna a bhaineann leo agus tá a fhios agamsa cad atá lé déanamh againn.

Tá a fhios agam nach n-úsáideann mic léinn seirbhísí an Aontais, nó nach bhfuil muinín acu iontu fiú. An fáth leis sin ná nach mínímid iad maith go leor agus nach léirímid gur féidir rath a bhaint amach trí dhul chuig d'oifigigh san Aontas. Tá cumhacht ag an Aontas: éisteann an coláiste linn i ndáiríre.

Tá a fhios agam go bhfuil an tAontas i bhfad go fisiciúil agus go sóisialta, agus is é sin an fáth nach nglacann daoine páirt ann. Cinnteoidh mé go mbeimid ann i ndáiríre, go gcrochfaimid bileoigíní agus oibreoidh mé lá amháin sa tseachtain in Ospidéal San Séamas agus lá eile sa Hamilton fiú.

Tá a fhios agam go bhfuil margaí mac léinn iontacha againn, ach tá siad treallach go leor. Tógfaidh mé mol lárnach dóibh ar shuíomh gréasáin nuachóirithe don Aontas, agus cinnteoidh mé go dtabharfar tús áite do mhargaí a chabhraíonn le mic léinn íoc as bunriachtanais, ar nós cúram sláinte.

Cinnteoidh mé go mbeidh cumarsáidí uile an Aontais as Béarla agus as Gaeilge araon. Forbróidh mé polasaí rochtana buan dár meáin shóisialta agus dár gníomhartha, ionas go mbeidh chuile mhac léinn ábalta páirt a ghlacadh ina nAontas.

Cinnteoidh mé go gcoinnímid mic léinn ar an eolas agus go míneoimid na spriocanna agus na torthaí a bhíonn ag feachtais gach lá, ní amháin le linn agóidí, agus ní fhágfaidh mé aon mhac léinn le mearbhall orthu faoi chúiseanna an Aontais.

Is mise an duine ceart le dul i ngleic lenár bhfadhbanna rannpháirtíochta mar tá tús curtha agam cheana féin. Cuir Connor Dempsey mar do chéad vóta do Chumarsáid agus Margaíocht.